

## ❖ An Lúibín ❖

31 Iúil 2008

### Ríomhphost

Please note that the email address [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au) will cease to be operative as of 31/7/08. *An Lúibín* can still be contacted on [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au).

*Tabhair faoi deara, le do thoil, nach mbeidh an ríomhsheoladh [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au) ar fáil tar éis 31/7/08. Is féidir scéal a chur chugainn fós ar [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au).*

### Teilifís na Gàidhlig

*Scotland is to have its own equivalent of TG4.*

Tar éis Teilifís na Gaeilge (TG4) a bhunú agus a bhuanú tá Teilifís na Gàidhlig chugainn agus í le scaoileadh amach ar 19/9/08. Tá nasc idir an bheirt sa mhéid go bhfuil baint nach beag ag iarStiúrthóir Aschuir de chuid TG4 leis an teirbhís Albannach. Beidh pingíní a dhóthain ag an stáisiún nua: €28 milliún in aghaidh na bliana, agus €14.5 milliún den mhéid sin ag teacht ón mBBC. (Na cláir Ghàidhlig atá anois ann caitear €9.5 milliún orthu.) Ó MG ALBA, seirbhís mheáin, a gheofar an chuid eile. *Seirbheis nam Meadhanan Gàidhlig* (SMG) a bhíodh ar an eagraíocht sin agus í ag cur an stáisiúin nua ar bun le blianta beaga anuas; anois tugtar *Meadhanan Gàidhlig ALBA* air.

Deirtear gur timpeall 60,000 cainteoir Gàidhlig atá in Albain, cé gur fiú an figiúir sin a scrúdú i bhfad níos grinne ná mar a dhéantar de ghnáth. Is dócha go bhfuil an fhíoruimhir níos ísle agus ag dul i laghad sna ceantair thraidisiúnta, agus nach mbeadh an oiread sin daoine óga ina measc. Beidh an stáisiún i gcleithiúnas lucht labhartha Béarla, mórán, agus treise á cur ar chúrsaí spóirt, ar cheol agus ar chláir fhaisnéise. Idir an dá linn beifear ag súil le borradh faoi líon lucht labhartha na Gàidhlig i nGlaschú agus i Dún Éideann, rud atá ag tarlú de réir a chéile. Tá Teachtaí áirithe Parlaiminte in amhras faoi fhiúntas an stáisiúin de bharr laghad an lucht féachana, ach níor bhac sin bunú TG4 (mar atá sí anois).

Beish an tseirbhís nua ar fáil ar chomhartha digiteach agus ar chábla i dTuaisceart Éireann, agus craolfar cluichí ó Phríomhroinn na hAlban. Craolfar cluiche gach Satharn, trí huair tar éis é a chríochnú ar an bpáirc.

Níl le déanamh anois ach an leanbh a bhaisteadh agus é tagtha ar an bhfód faoi dheireadh.



### An Ghaeilge sa Rúis

*In the small Celtic Department of Moscow State University, students are learning Irish.*

Is dóigh linn gur fiú do dhuine ar bith Rúisis a fhoghlaim ar son a bhfuil inti de shárlitríocht agus de shárcultúr. Tá Rúisigh ann atá chomh tugtha céanna don Ghaeilge. Orthu tá Olga Karkishenko, mac léinn in Ollscoil Stáit Mhoscó, agus alt léi i nGaeilge ar an iris *Feasta*, Bealtaine 2008.<sup>1</sup>

<sup>1</sup> Is é móreagrán na bliana an t-eagrán áirithe sin: féach [www.feasta.ie](http://www.feasta.ie).



saothar le Seán Ó Lúing.<sup>4</sup> Bhí sé féin agus scata eile ag aistriú cáipéisí go Gaeilge sa Bhruiséil idir na blianta 1971 agus 1972, agus ceithre náisiún breise ‘ag réiteach aontachais’ leis an gComhphobal Eorpach. Bhí conarthaí le haistriú chomh luath agus ab fhéidir agus síorathruithe á ndéanamh orthu.

Is é an téacs Fraincise an téacs tosaigh a léití amach ag na cruinnithe. Mademoiselle gleoite Berdidoux a bhíodh á léamh dúinn i dtosach. D’óladh sí píp agus í chomh sásta á chaitheamh le bean Dhúnchaoin, leis na búthairí deataigh ag dul san aer. Cailín an-shoineanta ab ea í, í meabhrach pearsanúil, í petite, dea-ghléasta agus nuair a labhradh sí labhradh a lámha chomh líofa lena béal. Fiú amháin ag caint di ar an teiléafón bhíodh a lámha ag guthaíocht ag acur le brí na cainte. Is nádúrtha an rud é canúint na lámh agus chonac é i nGaeltacht Chiarraí, go háirithe nuair a bhíodh áiteamh spreagúil ar siúl idir daoine. Is cuid de shaol na mór-roinne é, ach ní bhíonn sé ag fear an Bhéarla. Dhá uair a chuir fir ceist orainn, cá mhéad duine in Éirinn a bhí ag labhairt na Gaeilge mar mháthairtheanga. Chuireamar an t-áireamh chomh hard le dhá chéad míle agus ba mhaith linn go mór é ardú a thuilleadh, ach chuamar i bhfad thar an bhfirinne leis an méid sin, go maithe an Oifig Staidrimh dúinn é.<sup>5</sup>

Tá an Béarla tagtha chun tosaigh ó shin in áit na Fraincise, agus níl bun fírinne fós le háireamh úd na nGaeilgeoirí. Mura bhfuil, go mborra a n-uimhir beagán in ardchathair na hEorpa.



### **Surfáil**

*The unlikely sport of surfing has taken off in Ireland.*

Tá aithne ag *An Lúibín* ar dhuine neamheaglach in Éirinn a théann ag marcaíocht toinne ar imeall suaite na tíre sin. Ní fada ó chuirfeadh a leithéid de scéal fonn gáire ar Astrálaigh (b’fhéidir go gcuirfeadh fós) agus iad ag cuimhneamh ar thránna leathana geala a dtíre féin. Ach, mar a scríobh iriseoir eolach le déanaí, ‘tá Éire aitheanta mar cheann de na háiteanna leis an mbruth farraige is fearr san Eoraip’.<sup>6</sup>

An té a sheasann ar bhruach aillteacha Chontae an Chláir lá gaoithe agus é ag smaoineamh ar shurfáil, ní bheadh amhras air ná go bhfuil na bristeacha ann chuige. Iadsan a bhreis *Armada* na Spáinne. Tá lucht surfála na hÉireann ag tabhairt faoi na tonnta sin (agus ag seachaint na n-aillteacha, le cúnamh Dé) le tamall maith anuas – as Dún na nGall do Churadh na hÉireann. Agus tá slua acu ann – timpeall 50,000 duine, más fíor, agus a líon ag méadú gan stad.

Beag an t-ionadh, mar sin, go bhfuil iris nua ráithiúil ann chun freastal orthu. Seoladh *Tonnta* le déanaí, agus í lán de phictiúir agus d’ailt (tugtar aird éigin ar an nGaeilge féin). Deirtear go bhfuiltear ag iarraidh í a scaipeadh ar fud na hÉireann. B’fhéidir go dtiocfadh cóip chomh fada leis an Astráil.



### **Toraí na Féile**

*Tory Island, remote amid its waves, has lately acquired its own festival.*

Tá fáth eile ann le cuairt a thabhairt ar Oileán Thoraí<sup>7</sup> - *Féile Soilsí Thoraí*. I mbliana mhair sí trí lá mar chuid d’Fhéile Ealaíona Eargail i nDún na nGall, agus an té a thabharfadh dúshlán na farraige gheobhadh sé ceol, rince agus ealaín roimhe.

<sup>4</sup> In *Ardochathair na hEorpa*, Seán Ó Lúing, Sáirséal agus Dill, 1976.

<sup>5</sup> Ibid, lch 21.

<sup>6</sup> Colm Ó Broin ar *Lá Nua*, 23/7/08: [www.nuacht.com](http://www.nuacht.com).

<sup>7</sup> Féach píosa ar *An Lúibín*, 18/7/08, Uimh. 92, agus píosa le Ian Kilroy ar *The Irish Times*, 23/7/08.

Is é Oileán Thoraí ar an gceann is iargúlta d'oileáin na hÉireann, agus is iomaí duine a d'fhág a bhricfeasta ag na faoileáin ag dul ann dó. Tá brí sa teanga fós ann, agus a rian sin ar an amhránaíocht. Anuraidh chuaigh an t-aos óg i gceann an traidisiún sin a chaomhnú; thug muintir na háite uatha a raibh acu de sheanamhráin ar feadh trí lá. D'éirigh chomh maith sin le *Sean-Nós Nua* gur beartaíodh ar ócáid eile a chur ar siúl i mbliana, rud a rinneadh le cúnaimh na heagraíochta Ealáin na Gaeltachta.

Is mór an bhaint a bhí ag daoine óga leis an bhFéile, agus dealraíonn sé nár lagaigh a bhfuinneamh fós. Rinne siad scannán greannmhar le haghaidh na hócáide, agus tá stiúideó nua ríomhbheochana ann a chuirfidh leis an scléip feasta. (Níl aon trácht fós ar dhul ag surfáil ar an gcósta ann, go háirithe sa gheimhreadh.)

Féach [www.oileanthorai.com](http://www.oileanthorai.com).



### Ón gcoigríoch

*The many overseas students in Australian universities represent a major link with the wider world. Often they are isolated from the main student body and have problems with English. But many decide to make Australia their home.*

Tá seancheist á tarraingt anuas arís agus í gan réiteach fós.<sup>8</sup> Tá tá 370,000 mac léinn ann ón gcoigríoch san Astráil agus 65% acu ón Áise, de réir figiúirí na bliana 2006. Is fiú an t-oidreachas idirnáisiúnta \$12 billiún, airgead nach féidir leis na hollscoileanna déanamh ina éagmais agus laghdú tagtha ar mhaoiniú rialtais. Tríd is tríd, faigheann siad 15% dá gcuid airgid ó tháillí idirnáisiúnta. Tá na hollscoileanna chomh plódaithe sin ag na mic léinn úd gur éigean is féidir anois áit a dhéanamh do mhórán eile.

Deirtear gur fearrde na hollscoileanna idirnáisiúnta an léinn toisc go gcuidíonn sé foirne, le mic léinn agus le hinstiúidí buanchaidreamh cultúrtha agus intleachtúil a dhéanamh le tíortha eile, chomh maith le hairgead a shaothrú. Ach is minic iad scartha amach óna chéile.

Tá claonadh ag mic léinn áitiúla chun a gcuid oibre a dhéanamh lasmuigh den ollscoil; ní bhíonn siad páirteach i saol sóisialta na hollscoile. Tugann na heachtrannaigh formhór a gcuid ama ar an gcampas, go háirithe sa leabharlann. Is minic an dá dhream scartha óna chéile sa rang féin. Is iomaí mac léinn idirnáisiúnta a déarfadh nár ligeadh isteach iad ach chun a bheith ag tál ar ollscoileanna na tíre. A mhalairt de ghearán a bheadh ag mórán den dream áitiúil: an iomarca eachtrannach a bheith ann, iad ag baint áiteanna d'Astráiligh agus drochBhéarla acu. Deirtear freisin go mbíonn na hollscoileanna ag cur brú ar léachtóirí gan a bheith ródhian ar mhic léinn idirnáisiúnta ar eagla go mbacfaí an tál.

Níl anseo ach taobh amháin den scéal. Ach tá fianaise ann nach bhfuil scoth Béarla ag gach duine de na mic léinn idirnáisiúnta ná baol air, rud a bhacann orthu comhluadar a choinneáil le pobal na tíre agus tairbhe ceart a bhaint as an léann. Is iad na hollscoileanna féin is ciontaí leis, ós iadsan a ligeann mic léinn isteach agus gan Béarla ar a dtail acu. Cuirtear muintir i dtrialacha áirithe teanga agus cabhair fholáigh á tabhairt ina dhiaidh sin le craiceann na measúlachta a chur ar an scéal. Na mic léinn féin atá thíos leis seo i ndeireadh na dála.

Tá difríochtaí dearcaidh agus cultúir le cur san áireamh, gan amhras, agus gan mórán a dhéanamh chun an dá dhream a chur in aithne dá chéile. Is annamh ócáidí caidrimh ann, agus sna ranna beaga amháin is furasta do na mic léinn aithne a chur ar a chéile.

---

<sup>8</sup> Féach, i measc rudaí eile, píosa ar an nuachtán *The Age*, 23/7/08.

Ach tá taobh eile atá ar an scéal agus thabharfadh sé níos mó misnigh duit.<sup>9</sup> Is minic cairdeas idir Astrálaigh agus eachtrannaigh, agus is minic mic léinn idirnáisiúnta ar a ndícheall ag iarraidh deacrachtaí teanga agus cultúir a shárú.

Is fíor gur coitianta an rud do mhic léinn ón Áise go háirithe cuideachta a dhéanamh dá leithéidí féin. Bíonn cotadh éigin orthu sa tír nua agus is í a mbuíon féin an chosaint is fearr. Deir uachtarán Choiste Náisiúnta Teagmhála na Mac Léinn Idirnáisiúnta san Astráil nach bhfuil córas láidir cabhrach acu anseo agus go mbíonn siad ag brath ar a leithéidí eile dá bharr, ach go gcuirtear ina leith ansin nach mbíonn siad ag cur aithne ar mhic léinn eile. Ach, ar an taobh eile de, tá fianaise ann gurb iad na mic léinn is sona agus is inniúla na daoine a cheanglaíonn cumann dá leithéidí féin agus sin gan droim lámhe a thabhairt do shaol na hAstráile.

Is amhlaidh, más fíor, go ndeir mic léinn iasachta leis an gCoiste nach bhfuil mórán le foghlaim ón Astráil. Níl ina leithéid de bharúlacha i ndáiríre ach léiriú ar an imní a thagann ar an eachtrannach agus é scoite amach ón bpobal mór. Níl sa sotal, sa chás seo, ach féinchosaint. Caithfidimid dream eile a chur san áireamh – an 40% de mhic léinn ón gcoigríoch a bheartaíonn ar fhanacht san Astráil toisc go dtaitníonn an tír leo.

Níl doicheall ar an Astráil roimh eachtrannaigh: a mhalairt ar fad, tá an tír beo orthu. Déanaimid aontíos le chéile agus ithimid bia a chéile. Dearcadh eile atá againn i leith daoine a thagann anseo ar lorg léinn. Mura bhfuil iontu ach foinse airgid, táimid i mbaol: tá tíortha eile ag éileamh a gcoda, agus tá an tSín ag tógáil ollscoileanna a dhéanfaidh speisialtacht den eolaíocht, den teicfhaisnéis agus de chúrsaí tráchtála. San Astráil is é an Rialtas Cónasctha a sholáthraíonn an chuid is mó den airgead i gcúrsaí léinn ach is iad na Stáit atá freagrach as dea-riar na n-ollscoileanna agus as an reachtaíocht a bhaineann leo. I deireadh na dála, ní foláir a shocrú conas a chothófar ollscoileanna na tíre gan leatrom a dhéanamh ar na mic léinn, cuma más strainséirí iad nó cuid de bhunadh na tíre.

Tá an ceart ag an té a deir go bhfuil fonn ar fhormhór na mac léinn úd muintearas a dhéanamh le hAstrálaigh, ach nach mbíonn an cumas cainte i mBéarla acu i gcónaí is gá chuige, ná an fhéinmhuinín a leanann an cumas sin. Tá Béarla a ndóthain ag mic léinn Astrálacha, ach ní dóigh lena bhformhór gur gá comhlúadar a dhéanamh le mic léinn ón iasacht ná eolas a fháil ar chultúir eile. Is minic ráite é gur fearr cuid de na cláir léinn a dhéanamh de scríobh agus labhairt an Bhéarla, rud a chuirfeadh ar chumas na mac léinn idirnáisiúnta an teanga a chur in oiriúint don ábhar. Ba mhaith an rud é freisin dá mb'fhiú leis na hAstrálaigh teanga iasachta a fhoghlaim, ach sin scéal eile agus gan réiteach i ndán dó fós.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au)**

*If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au)*

---

<sup>9</sup> Tá argóint den saghas seo déanta ag an Ollamh Simon Marginson ar *The Age*, 28/7/08.